

## Ábhar Bhailiúchán na Scol ó Chontae Chill Dara ar [www.duchas.ie](http://www.duchas.ie) anois

Is féidir béaloideas agus stair áitiúil ó Chontae Chill Dara a léamh ar [www.duchas.ie](http://www.duchas.ie) anois.

Ábhar a thaifead daltaí scoile idir 1937 agus 1939 is ea Bailiúchán na Scol, cuid thábhachtach de Chnuasach Bhéaloideas Éireann, UCD. Tá breis is 500,000 leathanach d'ábhar i gceist, a thaifead tuairim is 50,000 dalta scoile i níos mó ná 5,000 scoil sna 26 chontae.

Tá ábhar as na contaetha sin á chur ar fáil ar thaisclann nua de bhéaloideas na hÉireann, dúchas.ie, ó dheireadh 2013 agus is í aidhm an tionscadail go mbeidh sciar mór de Bhailiúchán na Scol ar fáil ar líne faoi dheireadh 2016. Tá ábhar ó Bhaile Átha Cliath, ó Mhaigh Eo, ó Dhún na nGall, ó Phort Láirge, ó Ghailimh, ó Liatroim agus ó Chiarraí ar fáil ar an suíomh cheana. Is toradh é dúchas.ie ar chomhpháirtíocht a cuireadh ar bun an chéad lá in 2012 idir Cnuasach Bhéaloideas Éireann (UCD), Fiontar (DCU) agus an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta.

Cuirfidh Éireannaigh agus lucht an diaspóra araon suim sa suíomh seo. Is áis iontach é dúchas.ie do thaighdeoirí a chuireann suim i léann an bhéaloidis, sa stair áitiúil, sa tseandálaíocht, i gcúrsaí ginealais, sa teangeolaíocht agus i réimsí taighde eile. Is féidir an bailiúchán a chuardach faoi láthair de réir áiteanna agus de réir daoine; seolfar cuardach de réir topaicí amach anseo.

Ghlac beagnach 60 scoil páirt sa scéim i gcontae Liatroma agus tiomsaíodh 11 imleabhar mór d'ábhar béaloidis.

Dúirt an tAire Stáit do Ghnóthaí Gaeltachta, Joe McHugh, TD, 'Is céim thábhachtach eile í seo sa tionscadal nuálach seo a chuirfidh ábhar úr maidir le saol traidisiúnta na hÉireann sna blianta a chuaigh thart ar fáil don phobal i gcoitinne. Cuirfidh an t-ábhar nua seo ar chumas an taighdeora agus go leor daoine eile an difríocht a fheiceáil idir saol an lae inniu agus an saol mar a bhíodh, breis agus 80 bliain ó shin.'

Tá dúchas.ie á fhorbairt ag Fiontar, aonad teagaisc agus taighde trí mheán na Gaeilge in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, agus ag Cnuasach Bhéaloideas Éireann i UCD, ceann de na cnuasaigh béaloidis is mó ar domhan. Tá an tionscadal dúchas.ie á chómhaoiniú ag UCD agus ag an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta le tacaíocht ón gCrannchur Náisiúnta.


Tá ról comhairleach ag Taisclann Dhigiteach na hÉireann (DRI) in obair dúchas.ie maidir le caighdeáin agus idir-inoibritheacht i gcartlannú digiteach.

### CRÍOCH

Chun tuilleadh eolais a fháil, déan teagmháil le Clare Coughlan

[clare.coughlan@dcu.ie](mailto:clare.coughlan@dcu.ie)

(01) 700 6577



*An Roinn  
Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta  
Department of  
Arts, Heritage and the Gaeltacht*



**Nóta d'eagarthóirí:**

Tá dlúthbhaint ag Co. Chill Dara le Naomh Bríd agus is as an láthair eaglasta a bhí aici a ainmníodh an baile agus an contae, agus tá a rian fágtha ag Naomh Bríd ar ábhar Chill Dara i mBailiúchán na Scol chomh maith. Tá míniú ar an mbunús atá ag Baile Chill Dara, agus an bhaint a bhí ag Naomh Bríd leis sin le fáil [anseo](#) sa bhailiúchán ó Chlochar na Toirbhirte sa bhaile úd. Anuas air sin, is féidir léamh faoin [chleas](#) a d'imir sí ar Rí Laighean a chur tús le féarthalamh an Churraigh sa bhailiúchán céanna.

Déantar Lá Fhéile Bríde a cheiliúradh ar an 1 Feabhra gach bliain, agus bíonn crosa Bríde á ndéanamh timpeall an chontae thart ar an am sin sa lá atá inniu ann fós. Tugann an scéal [seo](#) ó Ráth Iomgháin léargas ar na nósanna a bhain leis an bhFéile sin fadó.

Duine is ea an dornálaí ón 19ú haois, Dan Donnelly, atá fós in aigne mhuintir Chill Dara (fiú gurbh as Baile Átha Cliath dó) toisc go gcaomhnaítear a shloinne sa logainm Log Uí Dhonnaíle. Tá rian coiscéimeanna le feiceáil san áit sin fós, agus deirtear gurbh iad sin na coiscéimeanna a thug Donnelly é féin agus é ar an mbealach go dtí an fainne dornálaíochta don troid cháiliúil a bhí aige ann in aghaidh Cooper. Tugann beirt dhalta ó scoil na mBráithre Críostaí sa Nás tuairiscí ar an eachtra sin [anseo](#) agus [anseo](#).

Tá ról lárnach ag an bportach sa saol i gcuid mhaith d'iarthar an chontae, ach tugann an scéal [seo](#) faoi scoil na Sceithrí le fios gur úsáideadh móin fiú mar ábhar tógála sa cheantar sin. Chomh maith leis sin, is léir ón scéal [seo](#) faoi bhróg ársa a aimsíodh in aice le Cairbre, nach í an mhóin an t-aon rud a bhaintear den phortach.

Is é Éirí Amach 1798 ceann de na himeachtaí stairiúla is mó a raibh baint ag Contae Chill Dara leis agus tá roinnt scéalta suimiúla i mBailiúchán na Scol i ngeall ar na heachtraí a thit amach sa chontae lena linn. Is féidir léamh faoi [Chath Ráth Iomgháin](#), agus faoi John Doorley, ceannaire na reibiliúnaithe sa bhaile sin, agus faoin eachtra mhíchlúiteach a tharla ag an [Gibbet Rath](#).

Is i mBéarla a scríobhadh formhór d'ábhar Chill Dara i mBailiúchán na Scol, ar ndóigh, ach faightear roinnt liostaí de leaganacha Gaeilge a bhí fós in úsáid sa Bhéarla thart ar an am sin, agus is samplaí maithe den ábhar úd na liostaí seo ó [Bhaile an Mhuilinn](#) agus ón [Bhaile Mór](#). Tá roinnt liostaí logainmneacha sa bhailiúchán chomh maith, ach seasann an ceann [seo](#) faoi logainmneacha neamhoifigiúla i gCrochta na Gréine amach: liosta fada cuimsitheach atá ann agus léaráidí slachtmhara ag gabháil leis.